# Acmhainní do iar-bhunscoileanna

Treoir do Mhúinteoirí

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN
NATIONAL GALLERY of IRELAND








# Léargas

Tá go leor acmhainní iontacha againn i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann ar féidir leat a úsáid sa seomra ranga. Tá go leor áiteanna éagsúla ar féidir leat iad a fháil ar ár suíomh idirlín, agus tá siad liostaithe anseo sa chaoi gur féidir leat iad a fháil go héasca. I gcás roinnt acmhainní, tá nótaí agus treoir bhreise curtha ar fáil againn chun cabhrú leat ceacht nó gníomhaíocht a struchtúrú.

## Clár ábhair

Ar ár suíomh idirlín ............................................ 3
Pacáiste acmhainní scoileanna............................ 4
Taispeántais Fhíorúla ....................................... 11
Acmhainní agus gníomhaíochtaí eile............... 14
Tionscadal Apollo............................................. 18
Déan Teagmháil Linn......................................... 19







# Ar ár suíomh Idirlín


- Tá go leor alt spéisiúil inár rannóg **Taiscéal agus Foghlaim**, treoracha beaga bídeacha, amharc domhain ar an mbailiúchán, agus féachaint taobh thiar de na radhairc san áireamh.
- Éist le **Treoracha Fuaime** faoi phríomhoibreacha atá ar taispeáint.
- **Trí Lionsa:** turais féin-threoraithe ar an mbailiúchán.
- **Aireachas & Ealaín:** sraith pictiúr ón mbailiúchán le ceisteanna chun cabhrú leat moilliú agus machnamh a dhéanamh. Cén fáth nach n-úsáideann tú iad sa rang ag tús an lae chun cabhrú leo díriú ar an ábhar?
- **I bhFócas:** sraith a nascann saothair ónár mbailiúchán le príomhthéacsanna ealaíne, teoiriciúla nó fealsúnachta ealaíne. Dírithe ar mhic léinn tríú leibhéal, ach d'fhéadfaí iad a roinnt le grúpaí ardteistiméireachta nó a úsáid le haghaidh do CPD féin
- Féadfaidh tú ár **mbailiúchán ar líne** a chuardach nó buaicphointí an **bhailiúcháin abhrabhsáil**
- Féach ar na físeáin de chainteoirí inspioráideacha ónár **Lá Gairmeacha Cruthaitheacha**
- Tá réimse leathan acmhainní againn ónár **Leabharlann & Cartlann.**
- Éist lenár **bPodchraoltaí** suimiúla
- Faigh tuilleadh eolais faoi chuid dár **dtionscadail Caomhnaithe**
- Féach ar chainteanna coimeádaithe agus go leor eile ar ár gcainéal **YouTube**
- Lean an Gailearaí ar **Twitter, Instagram agus Facebook**
- Cláraigh le **Nuachtlitir** scoileanna leis an eolas is deireanaí, smaointe agus acmhainní nua a fháil





# Pacáistí acmhainní scoileanna

# Acmhainní Físiúil




**Naisc leis an amhainn:**
[English version]

## Céard atá san acmhainn?

- Acmhainní grafacha ag iniúchadh saol agus saothar ealaíontóirí
- Dartha do fhoghlaimeoirí físa
- Tá nasc leis an teicníc cuimhne san áireamh I ngach acmhainn. Tá gach painéal ceangailte leis an gcéad cheann eile ag úsáid modhanna éagsúla ar nós cosúlacht físiúil , dath, cruth  agus comhcheangal  smaointe chun cuimhneamh air níos éasca

## Cé dó é?

Dírithe go príomha ar scoláirí na hArdteistiméireachta ar foghlaimeoirí físe iad. Is féidir le haoiseanna agus leibhéil eile taitneamh a bhaint as freisin.

## Cén chaoi ar féidir liom é a úsáid?

Úsáid chun eolas a fháil nó athbhreithniú a dhéanamh ar saothar ealaíne Piet Mondrian agus Jack B. Yeats

## Naisc Churaclaim

**An tSraith Shóisearach**: Amharcealaíon
**Ardteisiméireacht:** Ealaín
**Ardteisiméireacht feidhmí:** Oideachas  Ealaíon



# Meánach, Ábharthacht & Draíocht: Grianghrafadóireacht sa Ghailearaí

**Cad atá san acmhainn?**

- Stair ghairid ar ghrianghrafadóireacht, le go leor nasc le físeáin spéisiúla
- Gníomhaíochtaí taighde
- Íomhánna ardchaighdeán de  cúig shaothar ó bhailiúchán an Ghailearaí, le faisnéis agus smaointe gníomhaíochta
- Gluais de théarmaí
- Leideanna chun do ghrianghraif féin a chruthú (Is féidir leat ceamara nó do ghuthán a úsáid!)

**Cé dó é?**

- Bunscoile & Iar-Bhunscoile

**Cén chaoi ar féidir liom é a úsáid?**

Is acmhainn an-saibhir é seo le go leor smaointe maidir le gníomhaíochtaí. Is féidir leat acmhainn roghnú chun tionscadal níos mó a shocrú

**Naisc  churaclaim**

**Bunscoile:** Na hAmharcealaíona; naisc thraschuraclaim le Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht, Teanga & Litearthacht, SESE, SPHE.
**Teastas sóisearach:** Amharcealaín
**Ardteistiméireachta:** Ealaín; thraschuraclaim Naisc  le Stair, Tíreolaíocht, Fisic agus Ceimic
**Ardteistiméireacht Fheidhmeach**: Béarla agus Cumarsáid, Oideachas Ealaíon

## Naisc leis an amhainn:

[Leagan Béarla]
[Leagan Gaeilge]




# Tuiscint ar Thaispeántas

**Cad atá san acmhainn?**

- Ceisteanna agus gníomhaíochtaí chun tú a threorú agus tú ag tabhairt cuairt ar an taispeántas.
- Eolas ar phríomhghnéithe de thaispeántais, cén chaoi a bhfuil an ealaín crochta, léiriú agus cláir oideachais

**Cé dó é?**

Mic léinn atá ag ullmhú do cheist an ghailearaí i Scrúdú Stair na hEalaíne agus Léirthuiscint i scrúdú na hArdteistiméireachta.

**Cén chaoi ar féidir liom é a úsáid?**

Dearadh an acmhainn seo mar chabhair agus tú le dul ar cuairt féintreoraithe sa Ghailearaí, ach tá roinnt gníomhaíochtaí is féidir leat a dhéanamh ar scoil (féach leathanaigh 7, 12, 14 & 15). D'fhéadfá smaoineamh ar ais ar ghailearaí nó taispeántas ar thug tú cuairt air roimhe seo agus na ceisteanna seo a úsáid mar uirlis athbhreithnithe. Nó d'fhéadfá dul ar thuras fíorúil músaem.

**Nasc Churaclaim**

**Ardteistiméireacht:** Ealaín

**Naisc leis an amhainn:**

Leagan Béarla
Leagan Gaeilge



# Céard é Portráid?

**Cad atá san acmhainn?**

- Réamhrá ar phortráidíocht
- Íomhánna ardchaighdeán de 11 saothar ó bhailiúchán an Ghailearaí, le faisnéis agus smaointe gníomhaíochta
- Ceisteanna a phlé

**Ce dó é?**

Bunscoile & Iar-Bhunscoil

**Cén chaoi ar féidir liom é a úsáid?**

Is acmhainn an-saibhir é seo le go leor smaointe maidir le gníomhaíochtaí. Is féidir leat acmhainn a roghnú a mheascadh le acmhainn eile nó iad a úsáid le haghaidh tionscadal níos mó.

**Naisc Churaclaim**

**Bunscoile:** Na hAmharcealaíona \ Líníocht \ Péint & Dath \ Ag Breathnú agus ag Freagairt \ Acmhainn oibriú ar fud na sé shnáithe de Churaclam na hAmharcealaíne Naisc thraschuraclaim le stair, teanga agus litearthacht

**Sraith Shóisearach:** Amharcealaíon \ Teanga chriticiúil agus amhairc \ 1.1, 1.2, 1.3 Cultúr amhairc agus tuiscint \ 1.7, 1.8, 1.9 Eilimintí ealaíne agus prionsabail dearaidh \ 1.10 Meáin \1.13

**Ardteistiméireachta:** Stair na hEalaíne agus Léirthuiscint ar Ealaín \ Ealaín na hÉireann

**Naisc leis an amhainn:**

Leagan Béarla
Leagan Gaeilge



# Iniúchadh ar an Athbheochan

**Cad atá san acmhainn?**
Réamhrá bríomhar ar Athbheochan na hIodáile

**Cé dó é?**
Dírithe ar leibhéal na Bunscoile, ach is uirlis úsáideach réamhrá / athbhreithnithe é do gach aois agus céim.

**Cén chaoi ar féidir é a úsáid?**
Bí ag féachaint, ag foghlaim & bain taitneamh as! D’fhéadfá é seo a úsáid chun an topaic a chur i láthair, agus ansin cuid de smaointe gníomhaíochta eile an Ghailearaí a úsáid chun leanúint le do cheacht.

**Naisc churaclaim**
**Bunscoil:** Stair \ Rang 5-6 \Snáithe: Ré an Athraithe agus na Coimhlinte \ Aonad snáithe: AnAthbheochan; Ealaín \ Ag Breathnú agus ag Freagairt
**An tSraith Shóisearach**: Amharcealaíon \ Cultúr amhairc agus meas
**Ardteistiméireacht:** Stair na hEalaíne agus Léirthuiscint ar Ealaín \ Ealaín na hEorpa

**Naisc leis an amhainn:**
https://www.nationalgallery.ie/explore-and-learn/explore-renaissance-cozimo





# Acmhainní do thaispeántais roimhe seo

**Cad atá san acmhainn?**

Nótaí agus acmhainní múinteoirí do thaispeántais roimhe seo, lena n-áirítear:

- Bauhaus 100: Na Punanna Priontála
- Sorolla: Máistir Solais na Spáinne
- Créatúir Aisteach: Frans Post agus an Bhrasaíl
- Peirspictíochtaí: Scéalta an Chéad Chogadh Domhanda ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Pacáistí Acmhainní Ardteistiméireachta: Canaletto agus Ealaín na Veinéise (beidh anchuid acmhainní ó lch 9 ar aghaidh an-úsáideach)
- Emil Nolde: Is Dath é an Saol (beidh an chuid acmhainní ó lch.10 ar aghaidh an-úsáideach)
- Roderic O'Conor agus na healaíontóirí comhaimseartha (beidh a gcuid acmhainní ó lch.10 ar aghaidh an-úsáideach)

**Cé dó é?**

Bunscoile & Iar-Bhunscoile

**Cén chaoi ar féidir é a úsáid**

Ní bheidh cuid den fhaisnéis seo ábhartha, ach má théann tú chuig na rannóga 'roimh dochuairt' agus 'tar éis do chuairte' gheobhaidh tú go leor smaointe gníomhaíochta. Is féidir pacáistí acmhainní Ardteistiméireachta a úsáid mar uirlisí athbhreithnithe do stair ealaíne na hÉireann agus na hEorpa

## Naisc leis an amhaninn:

https://www.nationalgallery.ie/what-we-do/education-department/schools/resources-schools-acmhainni-do-scoileanna/secondary-0





# Taispeántais fhíorúla

## Cad atá san acmhainn?


Ligeann taispeántais dhigiteacha dúinn cuairt a thabhairt ar mhúsaeim agus dánlanna ar fud an domhain ónár tithe féin nó an seomra ranga. Déanann cuid acu, cosúil le turais fhíorúlaan Ghailearaí, iarracht macasamhlú a dhéanamh ar an eispéireas a bhaineann le cuairt
fhisiciúil a thabhairt ar an nGailearaí. Is féidir linn nasc a leanúint trí na seomraí, a fheiceáil cá gcuirtear pictiúir ar bhallaí, agus taithí a fháil ar ailtireacht an fhoirgnimh. Cuireann daoine eile, cosúil le Tarraingthe Ón Dúlra rogha íomhánna digiteacha i láthair in éineacht le téacs a scríobh coimeádaí.

## Cén chaoi ar féidir é a úsáid?

Mura féidir leat do rang a thabhairt ar cuairt chuig Gailearaí, d'fhéadfá turas fíorúil a chur ar bun i do sheomra ranga.

- **Déan idirghníomhach é** - bain úsáid as ceisteanna féach agus freagair agus cur le hacmhainní eile cosúil le treoracha fuaime chun cabhrú le do mhic léinn an gailearaí a iniúchadh.
- **Tóraíocht taisce a shocrú** - iarr ar na mic léinn iniúchadh a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Tabhair trí rud dóibh le fáil. D'fhéadfadh gur míreanna ginearálta iad seo mar 'hata' nó 'rud gorm', nó 'pictiúr le Joshua Reynolds' níos sainiúla. Ansin d'fhéadfaidís suíomh gréasáin an Ghailearaí a úsáid chun taighde a dhéanamh ar a gcuid saothar ealaíne agus a chur i láthair don rang.
- **Pléigh ailtireacht Gailearaí-** cén chomparáid atá idir cuairt a thabhairt ar thaispeántas fíorúil agus dul chuig Gailearaí sa bhfíorshaol?

# Cruthaigh Do Thaispeántas Bosca Solais Féin




**Cad atá san acmhainn?**
Treoir céim ar chéim maidir le taispeántas digiteach simplí a chruthú ag baint úsáide as an uirlis bhosca solais ar shuíomh Gréasáin Íomhánna Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

**Cé dó é?**
Iar-Bhunscoil

**Cén chaoi a féidir é a usáid?**

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid chun cabhrú le mic léinn ullmhú don cheist arthaispeántais i scrúdú ealaíne agus staire ealaíne na hArdteistiméireachta. B'fhéidir gur mhaith leat téama a shocrú do mhic léinn le bheith ag obair uaidh agus iarraidh orthu cur i láthair a dhéanamh agmíniú a gcinntí coimeádaíochta.
- Is féidir é a úsáid freisin chun cabhrú le mic léinn curaclam an Léinn Amhairc a iniúchadh, trí ligean dóibh saothair ealaíne a chur in aice láimhe, naisc a chruthú agus cosúlachtaí agus difríochtaí a scrúdú.
- Is féidir an próiseas seo a dhéanamh ar bhealach gan an méid sin teicneolaíochta a úsáid sa seomra ranga.Tabhair rogha cártaí poist nó íomhánna clóite do na mic léinn agus iarr orthu taispeántas achruthú i ngrúpaí.
- Maidir le páistí níos óige, nó le haghaidh gníomhaíochta obair bhaile, is féidir leat dúshlán athabhairt do mhic léinn ábhar tí a roghnú agus a thaispeáint agus grianghraf a thógáil dádtaispeántas críochnaithe

## Naisc leis an amhainn:

https://www.nationalgallery.ie/what-we-do/education-department/schools/resources-schools-acmhainni-do-scoileanna/activity-schools



Bartolomé Esteban Murillo (1617-1682),
An Mac Drabhlásach ag Imeacht , 1660s.
Grianghraf © National Gallery of Ireland

# Murillo: An Mac Drabhlásach Taispeántas Athchóirithe Fíorúil

**Cad atá san acmhainn?**

Ceisteanna agus gníomhaíochtaí chun mic léinn a threorú trí chuairt ar an taispeántas fíorúil, *Murillo: An Mac Drabhlásach Athchóirithe.* Eolas ar phríomhghnéithe de thaispeántais, an crochadh, an léiriú agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le taispeántais fhíorúla, san áireamh.

**Cé dó é?**

Mic léinn atá ag ullmhú do cheist an ghailearaí i Scrúdú Stair na hEalaíne agus Léirthuiscint Ealaíne.

**Cén chaoi ar féidir é a úsáid?**

D'fhéadfaí é a úsáid mar ghníomhaíocht ghrúpa sa rang, nó tasc obair bhaile.

**Naisc churaclaim**

**Ardteist:** Ealaín

## Naisc leis an amhainn:


Leagan Béarla
Gaeilge version

# Acmhainní agus gníomhaíochtaí eile



Richard Thomas Moynan (1856-1906), Military Manoeuvres, 1891. *Drawing by Jessica Supple*





# Ag dathú an bhailiúcháin




**Cad é an acmhainn?**
Bileoga dathúcháin de phríomhoibreacha ón mbailiúchán.

**Cé dó é agus cén chaoi ar féidir é úsáid?**

- Gníomhaíocht dathúcháin do leanaí níos óige - tosú le ceisteanna a chuardach agus a fhreagairt agus ansin dath a iniúchadh. Déan na dathanna sna pictiúir a chóipeáil , nó spreag na mic léinn chun a gcuid samhlaíochta a úsáid!
- Gníomhaíocht aireachais do gach aois.
- Taispeántas sceitseála do mhic léinn ardteistiméireachta - bhain roinnt múinteoirí úsáid as na hacmhainní seo chun a thaispeáint do mhic léinn conas sceitsí a úsáid ina gcuid
- scrúduithe ardteistiméireachta.

## Naisc leis an amhainn:

https://www.nationalgallery.ie/explore-and-learn/colouring-collection



# Iontas na fiailí


**Cad atá san acmhainn?**
Faigh amach an mhistéir agus an  t-iontas atá ag baint le plandaí a thagann as foirgnimh atá ag titim as a chéile, ballaí, scoilteanna ar chosáin agus imill gairdíní. Gníomhaíocht imscrúdú taobh amuigh  le nótaí agus pictiúir chun fiailí coitianta a aithint.

## Naisc churaclaim

**Príomhúil**
**Amharc-ealaín:** Líníocht
**Tíreolaíocht:** Tuiscint ar áit agus ar spás; Scileanna ó thaobh geografaíochta a scrúdú: Breathnóireacht; Taifeadadh & Cumarsáid; Timpeallachtaí daonna: Ag maireachtáil sa phobal áitiúil; Timpeallachtaí nádúrtha: An timpeallacht nádúrtha áitiúil; Eolas agus cúram na timpeallachta: Ag tabhairt aire do mo cheantar féin; Eolas ar an timpeallacht
Ag tabhairt aire don timpeallacht
**Eolaíocht:** Ag obair go heolaíoch: Breathnóireacht; Taifeadadh &Cumarsáid; Rudaí Beo: Plandaí &Ainmhithe

**Sraith Shóisearach**
**Amharcealaín:** Líníocht
**Eolaíocht**: Domhan bitheolaíoch
Córais agus idirghníomhaíochtaí: Déan staidéar gnáthóige; taighde agus scrúdú a dhéanamh ar oiriúnú, iomaíocht agus idirspleáchas orgánaigh laistigh de ghnáthóga agus de phobail ar leith.
Inbhuanaitheacht: Déan meastóireacht ar an gcaoi ar féidir le daoine bithéagsúlacht éiceolaíoch a chaomhnú agus cur le táirgeadh bia dhomhanda;bíodh meas  ar na buntáistí a bhaineann   daoine as an éiceachóras.

## Naisc  leis an amhainn:
https://www.nationalgallery.ie/art-and-artists/exhibitions/wonder-weeds



# Cruthanna & Caidreamh Spásúil

**Cad é an acmhainn?**
Gníomhaíocht líníochta céim ar chéim. Beidh ar chumas na mic léinn a gcuid scileanna breathnóireachta a úsáid agus caidreamh spásúil, foirmeacha agus spásanna diúltacha a iniúchadh.

**Cé dó é?**
Iar-Bhunscoil

**Cén chaoi ar féidir é a úsáid?**
Mar ghníomhaíocht líníochta ar scoil, nó mar obair bhaile.

**Naisc churaclaim**
**Amharcealaíon na Sraithe Sóisearaí**:
Líníocht; Eilimintí Ealaíne agus Prionsabail Dearaidh
**Ealaín Ardteistiméireachta**

## Naisc leis an amhainn:

https://www.nationalgallery.ie/drawing-activity-shapes-and-spatial-relations

# Tionscadal Apollo







Is bealach nua é Tionscadal Apollo chun taithí a fháil ar an nGailearaí, atá deartha ag daoine óga do dhaoine óga!

Buail le healaíontóirí, dearthóirí, déantóirí agus daoine cruthaitheacha ag na h-imeachtaí míosúla. Éist faoina dturais agus a ngairmeacha beatha, agus foghlaim scileanna nua. Bígí ag lionrú, cuir ceisteanna, agus faigh spreagadh chun ealaín agus cruthaitheacht a dhéanamh mar chuid de do shaol.

Tá cruthaitheacht, oideachas agus folláine i gcroílár Thionscadal Apollo, agus béim ar chomhoibriú agus i gcomhpháirtíocht le daoine óga chun eispéiris bheoga spraíúla a chruthú sa Ghailearaí.

Lean muid ar Instagram [@apolloprojectirl]

## [Máistir-rang le Nick Roche]

Roinneann an t-ealaíontóir leabhar grinn Nick Roche leideanna maidir le scéalaíocht trí scrúdú a dhéanamh ar shé phictiúr le Murillo atá le feiceáil inár dtaispeántas Murillo

## [Gníomhaíocht Ceadúnais Ealaíne]

Fiú nuair a bhíonn ealaíontóirí spreagtha ag imeachtaí fíorshaoil, is minic a bhainfidh siad úsáid as ceadúnas ealaíne chun a gcuid pictiúr de na himeachtaí a dhéanamh níos suimiúla nó níos áille, nó ábhartha do lucht féachana comhaimseartha. D'fhéadfaidís an scéal a athlonnú go suíomh geografach difriúil, nó fiú go háit eile.

## Naisc leis an amhainn:

https://www.nationalgallery.ie/what-we-do/education-department/apollo-project

# Déan teagmháil Linn

**Is féidir leat clarú le nuachtlitir ríomhphoist Múinteoirí & Scoileanna le nuashonrú,smaointe agus acmhainní nua a fháil go rialta**

Catherine O’Donnell
Oifigeach Oideachais
Le freagracht as Múinteoirí, Scoileanna & Óige
T: 353(0)16633579/Ext:3579
E: codonnell@ngi.ie